Céimeanna Forbartha san Fhoghlaim sa Bhonnchéim

Contanam na CUMARSÁIDE – LÉITHEOIREACHT

Riachtanais le hAghaidh Cumarsáide

Trasna an churaclaim, ag leibhéal atá fóirsteanach dá n-ábaltacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí scileanna a fhorbairt in:

Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

Ba cheart do mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí scil na Cumarsáide a úsáid trasna an churaclaim i súgradh, in obair topaice agus i ngach Réimse Foghlama. Na ráitis ina luaitear gníomhaíochtaí an mhúinteora nó na ndaltaí, níl iontu ach eiseamláirí. Cuireann siad síos ar ghníomhaíocht **fhéideartha** múinteora agus iompraíocht daltaí le gach céim a léiriú. Ba chóir do mhúinteoirí, páistí a chumasú i gcomhthéacs a gcumais sa tumtheanga le heolas, tuiscint agus scileanna a fhorbairt iontu seo.

Ó	Go	Síneadh ar Leibhéil de Dhul Chun Cinn: Leibhéal 1
Tig le daltaí:	**Tig le daltaí:**	**Tig le daltaí:**
• **réimse de théacsanna* a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;**		
• **réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;**		
• **fios a bheith acu go mbíonn teachtaireachtaí á n-iompar in ábhar clóbhuailte;** Léann agus athléann agus labhraíonn an múinteoir faoi scéalta agus rímeanna. ***Deis measúnaithe:*** Bíonn na daltaí feasach go mbíonn teachtaireacht le fáil i gcló agus gur caint thaifeadta atá ann.	• **a thuiscint go bhfuil brí i gcló agus nach n-athraíonn an bhrí sin;** Léann an múinteoir réimse leathan téacsanna aitheanta do dhaltaí agus cuireann sé/sí na téacsanna sin ar fáil dóibh. Spreagtar na daltaí le deilíní athraite a rá. ***Deis measúnaithe:*** A thuiscint go bhfuil brí i gcló agus nach n-athraíonn an bhrí sin.	• **tuiscint ar an bhrí a bhaineann le cló, pictiúir agus íomhánna a léiriú;** Tá a fhios ag daltaí gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, íomhánna agus téacsanna*. Tuigeann siad teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí.
• **bheith ag amharc agus ag déanamh aithrise ar bhuille seasta a bhfuil a ghluaiseacht ag éirí níos casta i rith an ama;**[1] Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil go minic do dhaltaí réimse de ghluaiseachtaí athchleachtacha a dhéanamh a chuidíonn leis an bhuille a choinneáil. ***Deis measúnaithe:*** Déanann na daltaí aithris ar bhuille seasta agus coinníonn siad leis, mar shampla trí nó ceithre cinn de ghluaiseachtaí.	• **tuiscint ar bhuille seasta a fhorbairt;**[2] Cuireann an múinteoir deiseanna ar fáil go minic do na daltaí buille seasta a thosú, aithris a dhéanamh air agus an buille a choinneáil ag dul le rímeanna, amhráin agus ceol a thionlacan. ***Deis measúnaithe:*** Meaitseálann na daltaí buille seasta le rímeanna, amhráin agus ceol a thionlacan.	• **fuaimeanna agus siollaí a aithint i bhfocail;** Tig le daltaí siollaí a shainaithint i bhfocail agus tig leo iad a dheighilt agus a chumasc. Tig leo, mar shampla, na siollaí i bhfocail a bhualadh amach. • **a thuiscint go léirítear fuaimeanna le litreacha;** Tuigeann daltaí an gaol idir litreacha agus na fuaimeanna a léirionn siad. • **straitéisí léitheoireachta a úsáid;** Tig le daltaí réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs*, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail, agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid.
• **feasacht éigin a léiriú ar fhocail, ar shiollaí agus ar rímeanna;** Cuireann an múinteoir réimse gníomhaíochtaí ar fáil le scileanna airde agus éisteachta a fhorbairt, le bonnsraith a thógáil don fheasacht fóineolaíochta. ***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí, trí réimse gníomhaíochtaí, scileanna airde agus éisteachta, idirdhealú éisteachta agus amhairc, agus rím.	• **a thuiscint go bhfuil focail déanta d'fhuaimeanna agus de shiollaí;**[3] Cuireann an múinteoir clár d'fheasacht fóineolaíochta ar fáil agus léiríonn sé/sí scileanna go follasach i réimse suíomhanna. ***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí feasacht go bhfuil focail déanta d'fhuaimeanna agus de siollaí agus go seasann litreacha d'fhuaimeanna.	
• **dul i ngleic le réimse téacsanna;** Roghnaíonn an múinteoir téacsanna a ligeann do dhaltaí bheith páirteach sa léitheoireacht, ceangail a dhéanamh leis an ábhar chlóite agus torthaí a thuar. ***Deis measúnaithe:*** Déanann na daltaí leabhair agus scéalta a fhiosrú agus labhraíonn siad orthu, agus léiríonn siad a rannpháirtíocht neamhspleách trí léitheoireacht rólghlactha, mar shampla 'ag léamh' dá gcuid bréagán.	• **réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs;** Múnlaíonn an múinteoir an dóigh le naisc a dhéanamh le taithí pearsanta/taithí a bhí acu roimhe agus iad ag léamh. ***Deis measúnaithe:*** Labhraíonn na daltaí faoin fheidhm atá le téacsanna agus déanann siad tuair ag úsáid, mar shampla,an t-eolas agus pictiúir agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus le stór focal nuair is gá.	
• **faisnéis a fháil, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;**	• **freagairt do chló sa timpeallacht;** Cuireann an múinteoir cló sa timpeallacht ar fáil agus múnlaíonn sé/sí an dóigh lena aithint. ***Deis measúnaithe:*** Léiríonn na daltaí tuiscint éigin ar an fheidhm atá le cló sa timpeallacht agus aithníonn siad roinnt comharthaí agus siombailí sa timpeallacht.	• **an fheidhm atá le cló sa timpeallacht a thuiscint;** Múnlaíonn an múinteoir an dóigh le cló sa timpeallacht a úsáid le faisnéis a fháil agus tugann sé/sí rochtain do na daltaí ar réimse de théacsanna coitianta, mar shampla, liostaí, saighde treoracha (ar ríomhaire), uimhreacha agus gutháin phóca. ***Deis measúnaithe:*** Athraíonn na daltaí agus freagraíonn siad do chló i gcomhthéacs agus comharthaí agus siombailí sa timpeallacht, mar shampla a n-ainm féin, ainmneacha ball den teaghlach, agus na teidil atá ar leabhair choitianta.	• **focail, comharthaí agus siombailí coitianta áirithe a aithint sa timpeallacht;** • **leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú;** Tig le daltaí lipéid nó pictiúir a úsáid le háiseanna nó faisnéis a aimsiú.
• **smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna* a thuiscint agus a fhiosrú;**	• **cineálacha éagsúla téacs a aithint agus téarmaíocht shimplí a úsáid, mar shampla, an leabhar an bealach ceart thuas nó bunoscionn;** Úsáideann an múinteoir scéalta agus léitheoireacht i gcomhpháirt ionas go n-aithneoidh daltaí réimse leathan ábhar léitheoireachta agus an dóigh le leabhair a láimhseáil mar is ceart. ***Deis measúnaithe:*** Déanann na daltaí 'taispeáin agus labhair' faoin dóigh le leabhair a láimhseáil mar is ceart agus le cúram a thabhairt dóibh.	• **cineálacha éagsúla téacs a aithint agus cuid den teanga a bhaineann le téacsanna a úsáid;**[4] Cuireann an múinteoir réimse de théacsanna ficsin agus neamhfhicsin ar fáil agus úsáideann sé/sí an teanga a bhaineann le leabhair agus le téacsanna, mar shampla údar agus maisitheoir leabhair. ***Deis measúnaithe:*** Tuigeann na daltaí go bhfuil cineálacha difriúla téacs ann, mar shampla leabhair scéalaíochta agus faisnéise.	• **teanga atá ar eolas a bhaineann le téacsanna* a úsáid;** Tig le daltaí labhairt ar théacsanna agus focail amhail 'teideal', 'clúdach, leathanaigh agus údar/scríbhneoir' in úsáid acu.
• **fianaise a úsáid ó théacsanna* lena gcuid barúlacha a chosaint**	• **an fhorbairt atá ag teacht ar a stór focail a léiriú trí labhairt agus shúgradh.**[5] Cuireann an múinteoir timpeallacht ar fáil ina gcothaítear éisteacht ghníomhach agus caint le cuspóir. ***Deis measúnaithe:*** Forbraíonn na daltaí a stór focal trí na heispéiris a bhí acu le téacs chomh maith le caint agus súgradh.	• **labhairt faoin rud a léigh siad agus ceisteanna simplí a fhreagairt.** Cuireann an múinteoir ar a gcumas do na daltaí bheith rannpháirteach go gníomhach leis an téacs ar réimse dóigheanna, mar shampla trí rólghlacadh, diancheistiú agus bosca scéalta. ***Deis measúnaithe:*** Labhraíonn na daltaí faoi scéalta agus/nó athinsíonn siad iad agus freagraíonn siad ceisteanna simplí faoi na rudaí a léadh dóibh nó a léigh siad agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairte agus le stór focal nuair is gá.	• **labhairt ar a bhfuil léite acu agus ceisteanna a fhreagairt.** Thig le daltaí labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú trí ghníomhaíochtaí amhail plé simplí nó rólghlacadh, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus stór focal nuair is gá.

* Tagraíonn téacsanna do smaointe a chuirtear in eagar le teachtaireacht a chur in iúl agus a chur i láthair i bhfoirmeacha scríofa, labhartha, amhairc, digiteacha agus siombalacha.

Tá na tagairtí don tsraith bileog *Language and Literacy in the Foundation Stage* de chuid CCEA, ar fáil ag www.ccea.org.uk:

[1] *Phonological Awareness* leathanaigh 2 agus 3 [2] *Phonological Awareness* leathanaigh 2 agus 3 [3] *Phonological Awareness* leathanach 6 [4] *Framework for Literacy Development* leathanach 8 [5] *Talking and Listening booklet*